



RTB

Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Beartas Fianán



Ba cheart duit a bheith ar an eolas go mbailítear faisnéis ghinearálta faoi do chuairt gach uair a thugann tú cuairt ar an Suíomh Gréasáin agus go mbailítear is go gcoinnítear an fhaisnéis sin.

Forbhreathnú & Cuspóir

Bíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an ‘Bord’) tiomanta do phríobháideachas gach duine a úsáideann an suíomh gréasáin a chosaint agus chun chloí leis na freagrachtaí atá orainn faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi na Rialacháin maidir le ríomh-Phríobháideachas, 2011. Ba cheart duit a bheith ar an eolas go mbailítear faisnéis ghinearálta faoi do chuairt gach uair a thugann tú cuairt ar an Suíomh Gréasáin agus go gcoinnítear an fhaisnéis sin i riocht ‘Fianán’.

Tóg an t-am chun an Beartas Fianán seo a léamh mar go mínítear ann conas a dhéanaimid Fianáin a bhailiú, a úsáid agus a stóráil agus conas is féidir leat do shainroghanna pearsanta a bhainistiú.

Tabhair faoi deara go gcoinnítear an beartas seo faoi athbhreithniú rialta agus go bhforchoimeádtar an ceart chun an beartas seo a athrú chun dáta de réir mar is gá. Cuid dár [mBeartas Príobháideachais](#) foriomlán is ea an Beartas Fianán seo.

Dáta an Athbhreithnithe Deireanaigh: 07/05/2024.

Cad is Fianán ann?

Is é is fianán ann ná téacschomhad beag a d’fhéadfaí a stóráil ar do ríomhaire nó ar do ghléas móibíleach agus a coimeádann sonraí a bhaineann le suíomh gréasáin a dtugann tú cuairt air. D’fhéadfadh go gcumasófaí leis an bhfianán do shuíomh gréasáin “cuimhneamh” ar do ghníomhartha nó ar do shainroghanna pearsanta thar thréimhse ama nó d’fhéadfadh go mbeadh sonraí ann a bhaineann le feidhm an tsuímh nó leis an dóigh a soláthraítear é.

Is iad fianáin chéad pháirtí ná fianáin atá socraithe ag an suíomh gréasáin a bhfuil tú ag tabhairt cuairt orthu (www.rtb.ie). Is é sin an t-aon suíomh gréasáin amháin ar féidir leis iad a léamh. De bhreis air sin, d’fhéadfadh go mbainfeadh suíomh gréasáin úsáid as seirbhísí seachtracha, a shocraíonn a bhfianáin féin freisin. Tugtar fianáin tríú páirtí orthu sin.

Is fianáin a shábháiltear ar do ríomhaire agus nach scriostar go huathoibríoch nuair a scoireann tú de do bhrabhsálaí iad fianáin sheasmhacha.

Is fianáin shealadacha iad fianáin seisiúin agus scriostar iad nuair a dhúnann tú do bhrabhsálaí.

Iarrfar ort glacadh le fianáin nó diúltú dóibh an chéad uair a úsáideann tú an suíomh gréasáin www.rtb.ie. Coinneofar do shainroghanna pearsanta fianáin ar feadh 12 mhí, tráth a iarrfar ort do thoilíú a thabhairt an athuair. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil thíos.

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le fianáin a fháil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/ipg/basics/legal/cookies/index_en.htm

Conas a úsáidimid Fianáin?

Fianáin Fheidhmiúla: Cuirtear ar chumas an tsuímh gréasáin leis na fianáin sin feidhmiúlacht bhreisithe agus pearsantú breisithe a sholáthar. Is féidir go mbeidh siad socraithe againne nó ag soláthraithe tríú páirtí ar chuireamar a seirbhísí lenár leathanaigh. Mura gceadaíonn tú na fianáin sin, is féidir nach mbeidh roinnt nó gach ceann de na seirbhísí sin ag feidhmiú mar is ceart.

Fianáin Feidhmíochta Cabhraíonn an fhaisnéis sin linn faireachán a dhéanamh ar an trácht ar ár Suíomh Gréasáin chun go mbeimid in ann acmhainn agus éifeachtúlacht an tSuímh Gréasáin a bhainistiú. Cabhraíonn sí linn freisin a thuiscint cé na codanna is mó tóir den Suíomh Gréasáin seo agus measúnú ginearálta a dhéanamh ar iompraíocht úsáideoirí agus ar shaintréithe úsáideoirí chun an spéis atá ann sna codanna difriúla den Suíomh Gréasáin agus an úsáid a bhaintear astu a thomhas. Bailítear an cineál sin faisnéise neamhphearsanta agus sonraí neamhphearsanta trí ghnáthoibriú ár bhfreastalaithe idirlín agus ár logaí agus trí “fianáin”.

Fianáin Fhíor-riachtanacha: Teastaíonn na fianáin sin chun go bhfeidhmeoidh an suíomh gréasáin agus ní féidir iad a chur as inár gcórais. Is gnách nach socraítear iad ach amháin mar fhreagairt do ghníomhartha a dhéanann tú, más ionann na gníomhartha sin agus iarraidh ar sheirbhísí, amhail do shainroghanna príobháideachais a shocrú, logáil isteach nó foirmeacha a líonadh. Is féidir leat do bhrabhsálaí a shocrú chun na fianáin sin a bhacadh nó foláireamh a thabhairt duit fúthu. Ní oibreoidh roinnt codanna den suíomh ansin, áfach. Ní stóráiltear leis na fianáin sin aon fhaisnéis inaitheanta phearsanta. Úsáidtear na fianáin sin le haghaidh feidhmiúlacht atá fíor-riachtanach do na seirbhísí a n-iarrann an t-úsáideoir iad go sainráite le haghaidh a sheisiúin nó a seisiúin, i gcomhréir le Rialachán 5(5), I.R. Uimh. 336 de 2011 (na Rialacháin maidir le ríomh-Phríobháideachtas).

Fianáin a Bhainistiú

Is féidir leat do shainroghanna pearsanta fianán a athrú am ar bith ach dul chuig na 'Cookie Settings', rud is féidir a fheiceáil ag bun shuíomh gréasáin an Bhoird. Is féidir leat na barraí sleamhnáin atá ar fáil a athrú ansin chuig 'Ar' nó 'As' agus cliceáil ansin ar 'Sábháil agus dún'. Is féidir go mbeidh ort do leathanach a athnuachan chun go dtiocfaidh do shocruithe in éifeacht.

Dóigh shimplí amháin ar féidir leat úsáid na bhfianán a chosc is ea gníomhachtú a dhéanamh ar an áis lena gcuirtear ar do chumas diúltú d'fhianáin nó glacadh leo, rud atá ar fáil ar an gcuid is mó de bhrabhsálaithe gréasáin. Ba cheart duit a thuiscint, áfach, gur féidir go mbeidh gá le roinnt fianán chun gnéithe áirithe a sholáthar duit, amhail faisnéis áirithe a thabhairt ar bhealach saincheaptha.

Chun faisnéis a fháil maidir le rialuithe brabhsálaí, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin fhorbróir an bhrabhsálaí nó téigh chuig do shocruithe brabhsálaí.

Slándáil

Tugann an Bord aird ar a fhreagrachtaí slándála maidir le do shonraí pearsanta a chosaint agus, chuige sin, úsáideann sé na bearta fisiciúla agus teicniúla is cuí, lena n-áirítear oiliúint agus eolas a thabhairt don fhoireann chun a chinntiú a mhéid is féidir go dtugtar cosaint leordhóthanach.

Úsáideann an Bord gnáth mhodhanna criptithe an tionscail chun a áirithiú gur rúnda a bhíonn na sonraí uile a aistrítear ar an idirlíon idir ríomhaire an úsáideora agus córais TFC an Bhoird. Cé go ndéanaimid iarracht réasúnach an fhaisnéis a tharchuirtear idir an Suíomh Gréasáin agus úsáideoirí an tSuímh Gréasáin a chosaint, ba cheart duit a thabhairt faoi deara gur féidir nach mbeimid in ann cosc a chur ar thríú páirtithe an fhaisnéis sin a rochtain nó cosc a chur ar nochtadh na faisnéise sin de thaisme le linn í a tharchur. Ní hé amháin go mbaineann an fhainic sin le suíomh gréasáin an Bhoird ach baineann sí freisin leis na suíomhanna gréasáin uile a dtugann úsáideoir cuairt orthu. Faoi mar a dhéanann gach ceann de na suíomhanna aithnídiúla siopadóireachta idirlín, úsáidimid teicneolaíocht Sraith Soicéad Slán (SSL) chun an fhaisnéis íogair a tharchuirtear (e.g. UPSP, sonraí cárta creidmheasa) a chriptiú agus a chosaint. Aithníonn úsáideoirí an riosca sin agus iad ag déanamh cumarsáid leis an suíomh gréasáin.

De réir mar a fhaigheann tú rochtain ar na codanna ábhartha ar an suíomh seo, feicfidh tú an glás fraincín i dtaispeáint slándála do bhrabhsálaí, rud a thugann le fios gur criptíodh aistriú na sonraí uile idir do bhrabhsálaí agus ár suíomh.

Cé na fianáin atáthar ag úsáid ar RTB.ie?

Mínítear sa tábla thíos na fianáin a n-úsáidimid agus cén fáth a ndéanaimid amhlaidh.

Fianán	Ainm	Cur Síos	Coinneáil	Catagóir
Anailísíocht Uilíoch (Google)	_gid_gat_U A-nnnnnnnn-nn_ga	Baintear úsáid as na fianáin seo chun faisnéis a bhailiú faoin dóigh a n-úsáideann cuairteoirí ár suíomh gréasáin. Úsáidimid an fhaisnéis chun tuarascálacha a chur le chéile agus chun cabhrú linn feabhas a chur ar an suíomh gréasáin. Leis na fianáin, bailítear faisnéis ar bhealach nach n-aithnítear aon duine go díreach air, lena n-áirítear an líon cuairteoirí ar an suíomh gréasáin, an áit ar tháinig cuairteoirí ar an suíomh gréasáin uaidh agus na leathanaigh ar thug siad cuairt orthu. Léigh an forbhreathnú ó Google ar phríobháideacht agus ar shonraí a chosaint anseo .	12 mhí	Fianáin Feidhmíochta
Anailísíocht Uilíoch (Google)	_gat_g tag_xx xxxxxx xxxxxx xxxxxx xxxxxx x	Is fianán é seo a socraíonn Google Analytics é chun próifíl de do réimsí spéise a chur le chéile agus chun fógraí ábhartha a thaispeáint duit ar shuíomhanna eile. Léigh an forbhreathnú ó Google ar phríobháideacht agus ar shonraí a chosaint anseo .	12 mhí	Fianáin Spriocdhírithé
Fianán Hotjar	_hjid _hjAbsoluteSession InProgress	Úsáidtear script Hotjar ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Tá freagracht ar fhianáin Hotjar as an inneachar ceart a thaispeáint do chuairoteoirí, gan aon duine a bheith á aithint go pearsanta ag an am céanna. Socraítear fianán an chéad uair a thagann an custaiméir chuig leathanach a bhfuil script Hotjar aige. Úsáidtear é chun coinneáil leis an aitheantas úsáideora randamaigh, rud atá uathúil don suíomh sin ar an mbrabhsálaí. Cinntíonn sé sin gur curtha i leith an aon aitheantais úsáideora amháin a bheidh an iompraíocht le linn cuairteanna ina dhiaidh sin ar an suíomh gréasáin céanna.	12 mhí	Fianáin Feidhmíochta

Fianán	Ainm	Cur Síos	Coinneáil	Catagóir
Fianán Hotjar	_hjTLD Test	<p>Úsáidtear script Hotjar ar shuíomh gréasáin an Bhoird.</p> <p>Tá freagracht ar fhianáin Hotjar as an inneachar ceart a thaispeáint do chuartheoirí, gan aon duine a bheith á aithint go pearsanta ag an am céanna.</p> <p>Nuair a ritear script Hotjar, féachaimid lena dhéanamh amach cén chonair fianáin is cineálaí ba cheart dúinn a úsáid, in ionad óstainm an leathanaigh. Déantar é sin chun gur féidir fianáin a chomhroinnt ar fud fofhearainn. Baintear an fianán tar éis na seiceála sin.</p>	Seisiún	Fianáin Feidhmíochta
Fianáin feidhmíoch ta eile	exp_last_activity exp_last_visit	<p>Tá baint ag an ainm fianáin seo le Expression Engine, ar córas bainistíochta inneachair suímh gréasáiné.</p> <p>Déantar gníomhaíocht cuairteoirí a rianú agus a thaifeadh leis.</p>	12 mhí	Fianáin Feidhmíochta
Fianáin feidhmíoch ta eile	exp_tracker	<p>Tá baint ag an ainm fianáin seo le Expression Engine, ar córas bainistíochta inneachair suímh gréasáiné.</p> <p>Déantar gníomhaíocht cuairteoirí a rianú agus a thaifeadh leis.</p>	Seisiún	Fianáin Feidhmíochta
Sainrogha Phearsanta Fianán	OptanonAlert BoxClosed Optanon Consent	<p>Úsáidtear an fianán seo chun chuimhneamh cén rogha a rinne úsáideoir ar fhianáin ar rtb.ie</p> <p>I gcás gur chuir úsáideoir in iúl cheana féin go bhfuil sainrogha phearsanta aige nó aici, stórálfar sainrogha phearsanta an úsáideora sin san fhianán seo.</p>	12 mhí	Fianáin fhíorriachtanacha
Fíorriachtanach	exp_csrf_token	Úsáideann Cloudflare an fianán seo chun trácht gréasáin iontaofa a aithint.	12 mhí	Fianáin fhíorriachtanacha
Fíorriachtanach	PHPSE SSID	Tá baint ag an bhfianán seisiúin PHP le hinneachar leabaithe ón bhfearann seo.	Seisiún	Fianáin fhíorriachtanacha

Cad iad na fianáin a úsáidtear le haghaidh Tairseach clárúcháin ar líne RTB

Mínítear sa tábla thíos na fianáin a n-úsáidimid agus cén fáth a ndéanaimid amhlaidh.

Fianán	Ainm	Cur Síos	Coinneáil	Catagóir
Logáil Isteach	SF-TokenId	Láimhseálann sé comhartha na n-éileamh (modh fíordheimhnithe na n-éileamh). Ba chóir é a chumrú sa chomhad Slándála Cumraíochta	118 nóiméad de réir réamhshocraithe (inchumraithe)	Fíordheimhniú
Logáil Isteach	Fianáin.ASP	Cur síos iomlán i: https://www.progress.com/do-cumentation/sitefinity-cms/administration-secure-cookies	600 nóiméad de réir réamhshocraithe (inchumraithe)	Fíordheimhniú
Logáil Isteach	sf- prs- lu	Sábháil an URL tuirlingthe.	Seisiún	Fíordheimhniú
Logáil Isteach	sf- prs- ss	Coinníonn sé am na cuairte ar an gcéad leathanach.	Seisiún	Fíordheimhniú
Logáil Isteach	ASP.NET_SessionId	Tá faisnéis ann faoi sheisiún an bhrabhsálaí agus cuireann sé ar chumas cuairteoirí logáil isteach ar an láithreán gréasáin.	Seisiún	Fíordheimhniú

Cad iad na fianáin a úsáidtear le haghaidh Ami - RTB WebChat?

Mínítear sa tábla thíos na fianáin a úsáidimid agus cén fáth, leis an aistriú sonraí go léir a láimhseálann iarratas POST thar nasc HTTPS.

Baintear úsáid as fianán Fíorúil agus Beo Webchat Ami / RTB ar ghléas an chustaiméara nuair a luchtáitear an leathanach Gréasáin / tionscnamh na clibe Ami.

Ciallaíonn sé seo go n-úsáidtear fianán Ami beag beann ar cibé an mbaineann an custaiméir úsáid as Ami nó nach n-úsáideann.

Fianán	Ainm	Cur Síos	Coinneáil – Sonraí anaithnidithe	Catagóir
Ami – RTB webchat	+sr-sonraí	Aithníonn sé úsáideoir uathúil	12 mhí	Feidhmiúil
Ami – RTB webchat	_sr-cur	Aithníonn sí seisiún comhrá nua	12 mhí	Feidhmiúil
Ami - RTB webchat beo	+sr-ec	Cuimhníonn sé ar chomhrá má tá sé ar siúl ó leathanach roimhe seo	12 mhí	Feidhmiúil
Ami – RTB webchat	+sr-lc	Cuimhníonn sé nuair a bhíonn a gcéad chomhrá ag úsáideoir le Ami	12 mhí	Feidhmiúil
Ami – RTB webchat	+sr-cl	Cuimhnigh ar dhún an t- úsáideoir fuinneog an chomhrá roimhe seo	12 mhí	Feidhmiúil
Ami – RTB webchat	+SrlMin & srMin	Cuimhníonn sé ar stádas íoslaghdaithe fuinneog comhrá Ami	12 mhí	Feidhmiúil

www.rtb.ie

